Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7538/26**

**ENV 261**
**CLIMA 152**
**ENER 144**
**IND 200**
**TRANS 168**
**ENT 54**
**SAN 172**
**DELACT 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 126 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Treoir (AE) Uimh. 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 126 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 126 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.3.2026
COM(2026) 126 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a thugtar don Choimisiún de bhun Treoir (AE) Uimh. 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE**

## 1. Réamhrá

An Treoir (AE) 2016/2284 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú (an Treoir), is ceann de na hionstraimí reachtacha í a rannchuidíonn leis na cuspóirí cáilíochta aeir a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach agus a rannchuidíonn leis an dul chun cinn ionsar chuspóir fadtéarmach an Aontais leibhéil cáilíochta aeir atá i gcomhréir le treoirlínte cáilíochta aeir na hEagraíochta Domhanda Sláinte a bhaint amach. Leis an Treoir, tacaítear freisin le cuspóirí bithéagsúlachta agus éiceachórais an Aontais agus rannchuidítear le baint amach na gcuspóirí maidir le truailliú aeir a leagtar síos sa phlean gníomhaíochta um uisce, aer agus ithir saor ó thruailliú([1]).

Leis an Treoir, leagtar síos gealltanais náisiúnta laghdaithe astaíochtaí le haghaidh gach Ballstáit den Aontas i leith na tréimhse 2020 go dtí 2029 agus socraítear gealltanais níos uaillmhianaí le haghaidh na tréimhse ó 2030 ar aghaidh. Dírítear léi ar chúig thruailleán aeir a bhfuil tionchair mhóra dhiúltacha acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol: dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$), ocsaídí nítreacha ($NO_x$), comhdhúile so-ghalaithe orgánacha neamh-mheatáin (NMVOC), amóinia ($NH_3$) agus mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$). Leis na gealltanais laghdaithe astaíochtaí le haghaidh 2020 go 2029 trasuítear oibleagáidí Ballstát faoi Phrótacal athbhreithnithe Gothenburg ([2]) a ghabhann le Coinbhinsiún CEE-NA ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin (An Coinbhinsiún Aeir)([3]), a bhfuil na Ballstáit den Aontas agus an tAontas ina bpáirtithe ann.

Leis an Treoir, leagtar síos freisin ceanglais faireacháin agus tuairiscithe i dtaobh astaíochtaí náisiúnta de na truailleáin thuasluaite agus i dtaobh truailleáin eile chomh maith, a bhfuil faireachán agus tuairisciú le déanamh orthu freisin faoi na prótacail ábhartha a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Aeir. Tá na hastaíochtaí sin le tuairisciú de réir na modheolaíochtaí a leagtar síos sa Choinbhinsiún Aeir.

Leis an Treoir, cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit clár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir a ghlacadh, arb éard atá ann ionstraim rialachais lárnaigh a chuireann ar a gcumas dóibh beartais agus bearta a chomhaontú agus a chomhordú chun gealltanais laghdaithe astaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh. Thairis sin, leis an Treoir, cuirtear de cheanglas ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar dhrochthionchair an truaillithe aeir ar éiceachórais.

Le Treoir (AE) 2016/2284 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Treoir a leasú chun Iarscríbhinní I, III Cuid 2, IV agus V a ghabhann léi a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch nó d'fhorbairtí a dhéantar faoin gCoinbhinsiún Aeir.

---

[1] COM/2021/400 final.

[2] Prótacal 1999 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, arna leasú an 4 Bealtaine 2012 (Prótacal leasaithe Gothenburg).

[3] Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin (An Coinbhinsiún Aeir).

Le hAirteagal 6(8) den Treoir, tugtar de chumhacht don Choimisiún Cuid 2 d'Iarscríbhinn III a oiriúnú d'fhorbairtí, lena n-áirítear dul chun cinn teicniúil, faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Aeir. Le hIarscríbhinn III, Cuid 2, leagtar amach na bearta laghdaithe astaíochtaí, lena n-áirítear tagairtí do Chreatchód CEE-NA 2014 maidir le Dea-chleachtais Talmhaíochta chun Astaíochtaí Amóinia a Laghdú agus Treoraíocht CEE-NA maidir le buiséid nítrigine, atá le breithniú lena n-áireamh sna cláir náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir.

Leagtar síos le hAirteagal 8(7) den Treoir go dtugtar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn IV a oiriúnú d'fhorbairtí, lena n-áirítear dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Aeir. Le hIarscríbhinn I leagtar amach na hastaíochtaí truailleán nach mór do na Ballstáit faireachán a dhéanamh orthu agus na ceanglais tuairiscithe chomhfhreagracha atá i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos faoin gCoinbhinsiún Aeir tríd is tríd. Le hIarscríbhinn IV leagtar amach na modheolaíochtaí nach mór a úsáid chun fardail agus réamh-mheastacháin náisiúnta astaíochtaí, tuarascálacha faisnéiseacha fardail agus fardail náisiúnta choigeartaithe astaíochtaí a ullmhú.

I gcás Iarscríbhinn V maidir le táscairí roghnacha chun faireachán a dhéanamh ar thionchar an truaillithe aeir ar éiceachórais, leagtar síos le hAirteagal 9(3) den Treoir go dtugtar de chumhacht don Choimisiún í a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus d'fhorbairtí faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Aeir.

## 2. Bunús dlí

Le hAirteagal 16(2) de Threoir (AE) 2016/2284 cuirtear de cheanglas ar an gCoimisiún tuairisciú ar fheidhmiú na cumhachta gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 6(8), 8(7) agus 9(3).

De bhun na forála sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón 31 Nollaig 2016 agus cuirtear síneadh go huathoibríoch léi go ceann tréimhse chomhfhaid, ach amháin má chuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse sin.

Chuir an Coimisiún an chéad tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Treoir faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ([4]) in 2021. Ina dhiaidh sin, cuireadh síneadh leis an tarmligean cumhachta go huathoibríoch ar feadh 5 bliana eile go dtí an 31 Nollaig 2026.

## 3. An tarmligean a fheidhmiú

Measadh go raibh gá leis an gcumhachtú chun forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinní I, III Cuid 2, IV agus V a ghabhann leis an Treoir a chomhlánú nó a oiriúnú chun dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil nó forbairtí faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Aeir a chur san áireamh. Ghlac an Coimisiún:

[4] COM(2021) 451 final.

- **Treoir Tharmligthe (AE) 2024/299 ón gCoimisiún maidir leis an modheolaíocht chun astaíochtaí réamh-mheasta truailleán áirithe san aer a thuairisciú**([5]) bunaithe ar Airteagal 8(7) den Treoir.

Leis an Treoir Tharmligthe sin ón gCoimisiún leasaítear Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann leis an Treoir chun go mbeidh siad i gcomhréir leis an leibhéal méadaithe mionsonraithe chun réamh-mheastacháin astaíochtaí a thuairisciú atá de cheanglas sna Treoirlínte maidir le hAstaíochtaí agus Sonraí Réamh-mheastacháin a Thuairisciú faoin gCoinbhinsiún ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin arna n-athbhreithniú ag Comhlacht Feidhmiúcháin an Choinbhinsiúin Aeir ag an 42ú seisiún, an 12-16 Nollaig 2022([6])([7]).

Mar thoradh ar an athbhreithniú atá ar bun ar Phrótacal Gothenburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Aeir agus ar Threoirdhoiciméad CEE-NA maidir le hAmóinia ([8]), d'fhéadfadh sé gur ghá na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir a oiriúnú do na hathruithe faoi chuimsiú an Choinbhinsiún Aeir([9]).

## 4. Conclúid

D'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe a tugadh dó faoi Threoir (AE) 2016/2284 uair amháin ó tháinig sí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2016, chun Treoir Tharmligthe (AE) 2024/299 ón gCoimisiún a ghlacadh.

Measann an Coimisiún gur cheart gach tarmligean cumhachta a choimeád, ós rud é go bhféadfadh sé gur ghá Iarscríbhinní I, III Cuid 2, IV agus V a oiriúnú do dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch nó d'fhorbairtí faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin Aeir amach anseo.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

---

[5] Treoir Tarmligthe (AE) 2024/299 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an modheolaíocht chun astaíochtaí réamh-mheasta truailleán áirithe san aer a thuairisciú, IO L, 17.1.2024, lch. 1.
[6] https://unece.org/sites/default/files/2022-08/ECE_EB.AIR_GE.1_2022_20-2210473E.pdf
[7] https://unece.org/sites/default/files/2023-06/Revised_Decision%202022_1%20%28E%29.pdf
[8] ECE/EB.AIR/120
[9] ECE/EB.AIR/154